# Dréacht-Phlean Forbartha Contae Shligigh 2024-2030

## Comhairliúchán poiblí ón 13 Deireadh Fómhair go dtí an 22 Nollaig 2023

Tugtar fógra leis seo de réir alt 12 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), gur ullmhaigh Comhairle Contae Shligigh Dréacht-Phlean Forbartha Contae Shligigh don tréimhse 2024-2030.

Tá ceithre imleabhar i nDréacht-Phlean Forbartha Contae Shligigh:

**Imleabhar 1 – Croí-Straitéis**
**Imleabhar 2 – Forbairt Uirbeach**
**Imleabhar 3 – Beartais Ghinearálta**
**Imleabhar 4 – Pleananna Sráidbhaile**

Gabhann **9 nAguisín** leis an Dréacht-Phlean.

Tá an **Léarscáil Measúnaithe Saintréithe Tírdhreacha** (formáid A1) mar chuid den Dréacht-Phlean freisin.

Tá na doiciméid seo a leanas ag gabháil leis an Dréachtphlean:

- **Straitéis Tithíochta**
- **Dréachtphlean Iompair Áitiúil Shligigh**
- **Máistirphlean Carrchlós Shráid an Fhíona**
- **Tuarascáil Timpeallachta** (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta)
- **Tuarascáil Tionchair Natura** (Measúnú Cuí)
- **Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte**

## Fáil ar na doiciméid

Beidh an Dréacht-Phlean agus na doiciméid ghaolmhara ar fáil lena léamh agus lena n-íoslódáil ó thairseach comhairliúcháin na Comhairle Contae ag https://consult.sligococo.ie/ ón **13 Deireadh Fómhair 2023**.

**Is féidir cóipeanna clóite a iniúchadh ag na láithreacha seo a leanas:**

| | |
|---|---|
| An Rannóg Pleanála, Halla na Cathrach, Sráid na Cé | 10am go 4pm |
| Leabharlann Contae Shligigh | le linn gnáthuaireanta oscailte |
| Leabharlann Thobar an Choire, Teach Laighne | le linn gnáthuaireanta oscailte |
| Leabharlanna Brainse Bhaile an Mhóta agus Inis Crabhann | le linn gnáthuaireanta oscailte |
| Oifigí Limistéir Inis Crabhann, Thobar an Choire agus Bhaile an Mhóta | le linn gnáthuaireanta oscailte |

Féadfar cóipeanna clóite den Dréacht-Phlean agus de na doiciméid ghaolmhara a ordú lena gceannach ó Oifig Pleanála Chomhairle Contae Shligigh, Halla na Cathrach, Sráid na Cé, Sligeach (Teil. 071 911 4440).

## Seisiúin faisnéise poiblí

Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Shligigh roinnt seisiún faisnéise poiblí a thionól i mí na Samhna 2023 i ndáil leis an Dréacht-Phlean Forbartha Contae 2024-2030. Foilseoidh an Chomhairle tuilleadh fógraí ina léireofar na láithreacha agus na hamanna do sheisiúin faisnéise poiblí den sórt sin.

## Aighneachtaí

Féadfar aighneachtaí nó barúlacha i scríbhinn i ndáil leis an Dréacht-Phlean Forbartha agus na doiciméid ghaolmhara a dhéanamh chuig an Údarás Pleanála **ón 13 Deireadh Fómhair go dtí an 22 Nollaig 2023**.

Ba cheart aighneachtaí a dhéanamh trí thairseach comhairliúcháin na Comhairle ag consult.sligococo.ie – is é sin an modh is fearr!

Cé NACH moltar déanamh amhlaidh, féadfar aighneachtaí a bhfuil “Dréacht-Phlean Forbartha Contae 2024-2030” mar cheannteideal orthu a sheoladh le ríomhphost chuig cdp@sligococo.ie nó le casadh an phoist chuig:

**Siobhán Gillen Uas.**
Oifigeach Riaracháin, An Rannóg Pleanála
Comhairle Contae Shligigh
Halla na Cathrach, Sráid na Cé, Sligeach

Cuirfear na haighneachtaí uile in eagar, más gá (chun an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh), agus cuirfear iad ar fáil lena léamh ag an bpobal ar Thairseach Comhairliúcháin na Comhairle.

Glacfar le haighneachtaí go dtí **4pm an 22 Nollaig 2023**. Ní dhéanfar aon bhreithniú ar aighneachtaí déanacha.

**Dorothy Clarke**
**Stiúrthóir um Pleanáil, Pobal agus Forbairt Eacnamaíoch**